Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2025**
**(OR. en)**

**6676/25**

**AVIATION 26**
**DELACT 19**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Feabhra 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 10 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 28.2.2025 Iena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis na tagairtí d'fhorálacha Choinbhinsiún Chicago |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 10 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 10 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.2.2025
C(2025) 10 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 28.2.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis na tagairtí d'fhorálacha Choinbhinsiún Chicago**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

An 20 Márta 2023, ag an gcúigiú cruinniú den 228ú Seisiún de Chomhairle ICAO, ghlac sí Leasuithe 14, 11 agus 2 ar Imleabhar I 'Torann Aerárthaí', Imleabhar II 'Astaíochtaí Innill Aerárthaí', agus Imleabhar III 'Astaíochtaí $CO^2$ Eitleán' faoi seach d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Tá na leasuithe sin bunaithe ar na moltaí a comhaontaíodh ag an 12ú cruinniú foirmiúil de Choiste ICAO um Chosaint an Chomhshaoil Eitlíochta (CAEP/12) agus is iad a d'eascair as an obair a rinneadh sna 3 bliana roimh an gcruinniú i gcomhréir le Clár Oibre CAEP/12. Tháinig na leasuithe sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

I gcomhréir le hAirteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2018/1139[1], tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun leasú a dhéanamh ar na tagairtí d'fhorálacha Choinbhinsiún Chicago dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 9(2) den Rialachán sin, d'fhonn iad a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise leasuithe arna ndéanamh ar na forálacha sin ina dhiaidh sin, forálacha a thiocfaidh i bhfeidhm tar éis an 4 Iúil 2018 agus a thiocfaidh chun bheith infheidhme sna Ballstáit uile, a mhéid nach leathnóidh na coigeartuithe sin raon feidhme an Rialacháin sin.

Is é is cuspóir sonrach don togra seo cur le leibhéal ard aonfhoirmeach cosanta comhshaoil trí thagairt a dhéanamh do na SARPanna ICAO is déanaí a leasaíodh agus atá in Imleabhair I, II agus III d'Iarscríbhinn 16 mar na ceanglais cosanta comhshaoil is infheidhme.

### 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Tá an dréachtghníomh tarmligthe bunaithe ar Thuairim Uimh. 02/2024 ó EASA, agus chuathas i gcomhairle leis an bpobal maidir lena bhfuil ann le Fógra faoi Leasú Beartaithe (NPA) 2023-09 *Implementation of the latest CAEP amendments to ICAO Annex 16 Volumes I, II and III* [Cur chun feidhme leasuithe CAEP is déanaí ar Imleabhair I, II agus III d'Iarscríbhinn 16 le ICAO] (RMT.0514), a d'fhoilsigh EASA an 15 Samhain 2023. Fuarthas 21 bharúil ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an earnáil eitlíochta agus údaráis eitlíochta náisiúnta. I nDoiciméad Freagartha ar Bharúlacha 2023-09, thug EASA aghaidh ar na barúlacha a fuarthas maidir leis an bhFógra faoi Leasú Beartaithe agus thug sé freagra orthu.

I gcomhréir le hAirteagal 128(4) de Rialachán (AE) 2018/1139, sula nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, rachaidh sé i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n- ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

### 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 128 de Rialachán (AE) 2018/1139, chun leasú a dhéanamh ar na tagairtí

[1] Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle, IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

d'fhorálacha Choinbhinsiún Chicago dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 9(2) den Rialachán sin. Is é Airteagal 19(3) den Rialachán céanna an bunús dlí gaolmhar.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 28.2.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis na tagairtí d'fhorálacha Choinbhinsiún Chicago**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagal 19(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart aerárthaí, cé is moite d'aerárthaí gan foireann, maille lena n-innill, liáin, páirteanna agus trealamh neamhshuiteáilte, na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil a chomhlíonadh. I Rialachán (AE) 2018/1139 déantar foráil dóibh trí thagairt a dhéanamh d'fhorálacha sonracha Choinbhinsiún Chicago, ina bhfuil na ceanglais sin.

(2) An 20 Márta 2023 ag an gcúigiú cruinniú den 228ú Seisiún de Chomhairle ICAO, ghlac sí Leasú 14 ar Imleabhar I, 'Torann Aerárthaí', d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, Leasú 11 ar Imleabhar II, 'Astaíochtaí Innill Aerárthaí', d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, agus Leasú 2 ar Imleabhar III, 'Astaíochtaí $CO^2$ Eitleán', d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Tháinig na leasuithe sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart na tagairtí d'fhorálacha Choinbhinsiún Chicago a thabhairt cothrom le dáta agus ba cheart Rialachán (AE) 2018/1139 a leasú dá réir.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo bunaithe ar Thuairim Uimh. 2/2024 a d'eisigh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) i gcomhréir le hAirteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2018/1139, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

[2] IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

‘A mhéid a bhaineann le torann agus le hastaíochtaí, comhlíonfaidh na haerárthaí sin agus a n-innill, a liáin, a bpáirteanna agus a dtrealamh neamhshuiteáilte na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil atá i Leasú 14 ar Imleabhar I, i Leasú 11 ar Imleabhar II, agus i Leasú 2 ar Imleabhar III, de réir mar is infheidhme iad ar fad an 1 Eanáir 2024, d’Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28.2.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*